



## **POIST MAR /LÉACHTÓIR CÚNTA/LÉACHTÓIR SAN OIDEACHAS**

**le saineolas sa Ghaeilge agus i Múineadh na Gaeilge**

**SAINCHUNTAS POIST GINEARÁLTA  
Dualgais agus Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta**

### **1. BROLLACH**

Coláiste Caitliceach Oideachais agus Saorealaíon féinrialaithe ar leibhéal ollscoile is ea Coláiste Mhuire gan Smál, le nasc acadúil aige le hOllscoil Luimnigh. Freastalaíonn sé ar riachtanais daonra de mhic léinn de bhreis is 3,200 mac léinn atá éagsúil agus ag méadú. Tairiscítear cláir fhochéime do Chéimeanna san Oideachas agus sna Dána, mar aon le raon leathan de chláir iarchéime ag leibhéal an Dioplóma, na Máistreachta agus na Dochtúireachta sa Choláiste. Tá an fhoireann acadúil gníomhach i réimse leathan taighde atá mar bhunchloch don teagasc agus don fhoghlaim sa Choláiste.

Cuireann an Coláiste féinaithne chun cinn a bhfuil traidisiún Caitliceach an Choláiste mar chuid shaibhir di, chomh maith le cultúr, teangacha agus traidisiúin na hÉireann agus tiomantas speisialta an Choláiste don Ghaeilge.

Tá omós ag Coláiste Mhuire gan Smál d'éagsúlacht cultúir. Oibríonn an Coláiste chun cothromaíocht a chur chun cinn sa tsochaí agus chun timpeallacht a chur ar fáil ina mbeidh an tsaoirse agus an deis ag gach duine a gcumas iomlán a bhaint amach.

### **2. PRÓIFÍL AN IARRATASÓRA & SCÓIP AN RÓIL**

Is mian leis an gColáiste post amháin bhuana lánaimseartha a líonadh ag tosú **Eanáir 2018**. Tá an Roinn um Oideachas Teanga agus Litearthachta, Dámh an Oideachais ag lorg léachtóra /Léachtóir Cúnta san Oideachas le saineolas sa Ghaeilge agus i Múineadh na Gaeilge, le dualgais i ngné na teanga idir labhairt agus scríobh agus saineolas i Múineadh na Gaeilge i scoileanna T2 agus T1 agus múineadh na n-ábhar eile i scoileanna T1. Beidh dualgais eile i nDámh an Oideachais agus ina measc beidh obair iarchéime, taighde, feitheoireacht taighde ar mhic léinn fhochéime agus iarchéime, cruinnithe, coistí, agallaimh, dualgais fheitheoireachta agus riaracháin ar shocrúchán scoile, foghlaim chumaisc, teagasc seachsheimeastair, Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht – ullmhú na mac léinn, monatóireacht, meastóireacht, obair riaracháin agus cláir pháirtaimseartha.

Beidh obair riaracháin agus measúnú mar chuid den obair le scrúduithe i labhairt na Gaeilge. Beidh comhordú agus ceannasaíocht mhodúl mar ghné lárnach den obair.

Faoi láthair cuireann An Roinn um Oideachas Teanga agus Litearthachta cúrsa léinn ar fáil sa Ghaeilge agus i Múineadh na Gaeilge do mhic léinn ar na cláir B.Oid. agus Máistir Gairmiúil san Oideachas chomh maith le Dioplóma Iarchéime/M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge.

**Ní mór d'iaratasóirí na réamhchoinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh sula gcuirfear ar an ngearrliosta iad:**

- a) Cáilíocht chuí ag leibhéal Dochtúireachta nó fianaise go bhfuil céim Dhochtúireachta cuí nach mór curtha i gcrích. Mura bhfuil an Dochtúireacht bainte amach ní mór iarchéim chuí a bheith ag an iarrthóir
- b) Cáilíocht mar bhunmhúinteoir agus taithí mhúinteoireachta dhá bhliain ar a laghad.
- c) Cáilíocht chuí sa Ghaeilge, le hardchaighdeán i scríobh agus i labhairt na Gaeilge
- d) Tuiscint ar leith ar Churaclam Teanga na Bunscoile agus saineolas ar leith ar fhoghlaím agus ar mhúineadh na Gaeilge/teangacha
- e) Taithí léirchruthaithe ar thaighde a thabhairt chun críche agus é a fhoilsiú
- f) Eolas ar leith ar cheisteanna móra oideachais na linne, agus ar pholasaithe reatha an oideachais
- g) Fianaise léirithe go bhfuil ar do chumas foghlaim chumaisc agus foghlaim ar-líne a chur ar fáil.

### **3. SAINCHUNTAS POIST**

#### **Dualgais agus Freagrachtaí**

Cuimsíonn na dualgais na rudaí seo a leanas;

- Dearadh clár/modúl, léachtóireacht, obair ranganna teagaisc, obair mheasúnaithe i nDámh an Oideachais ag leibhéal fochéime agus ag leibhéal iarchéime Micritheagasc/modheolaíocht oideachasúil agus modúl eile i nDámh an Oideachais a éascú.
- Tiomantas do thaighde agus do fhoilsiú taighde i nDámh an Oideachais.
- Straitéisí teagaisc agus foghlama nuálacha a fhorbairt.
- Forbairt e-portfóilíonna le mic léinn in oideachas múinteoirí.
- Feitheoireacht ar shocrúchán scoile, taighde ag leibhéal fochéime agus ag leibhéal iarchéime.
- Páirt a ghlacadh i gcúrsaí riaracháin agus freastal ar chruinnithe den Roinn Teanga, Litearthachta, agus Matoideachais, de Dhámh an Oideachais agus de ghrúpaí eile nach iad.
- Bheith i láthair agus páirt a ghlacadh i ngach cruinniú de Bhoird Scrúduithe.
- Bualadh le mic léinn agus le grúpaí eile nach iad.

Cuimsíonn na dualgais na rudaí seo a leanas: léachtóireacht ar an gclár B. Oid. agus ar an gclár B. Oid. san Oideachas agus sa tSíceolaíocht; léachtóireacht ar chlár iarchéime san Oideachas a chuimsíonn an clár Máistir Gairmiúil san Oideachas; léachtóireacht ar chlár ag leibhéal dioplóma, máistir agus dochtúireachta; páirt a ghlacadh i soláthar clár páirtaimseartha agus clár seachsheimeatair chomh maith le páirt a ghlacadh i gclár eile a sholathraíonn Dámh an Oideachais. Ní mór don té a cheapfar páirt a ghlacadh i ndearadh clár agus polasaithe ag leibhéal fochéime agus ag leibhéal iarchéime.

Meabhraítear go n-oibreoidh an té a cheapfar mar chuid de fhoireann ina c(h)uid oibre sa Choláiste. Cé go bhfuil sainmhíniú déanta go gineáralta ar na dualgais don phost faoi na teidil éagsúla ní liosta iomlán é. Meabhraítear chomh maith nach luíonn comhlíonadh na ndualgas go léir ar aon duine amháin ach ní mór don té a cheapfar feidhmiú i slí atá solúbtha agus dlúthpháirteach. Tá sé de cheart ag an gColáiste dualgais nua agus/nó dualgais a athrú go hearnáileacha eile sa Choláiste don té a cheapfar de réir mar is gá.

Chun a bheith incheaptha ní mór 70% ar a laghad a bhaint amach i scrúdú i labhairt agus i scríobh na Gaeilge faoi seach. Reachtaítear na scrúduithe seo lá an agallaimh.

## **4. TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA NA FOSTAÍOCHTA**

### **Ginearálta**

Síneoidh gach duine fostaithe ag an gcoláiste Conradh oiriúnach, ina mbeidh na téarmaí agus na coinníollacha go léir a bhaineann leis an bhfostaíocht. Tugtar sainchuntas poist do gach iarrthóir fostaíochta agus beidh sé seo mar chuid de cháipéisíocht an chonartha.

### **Láthair Oibre**

Is é Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach, do láthair oibre. Forchoimeádann an Coláiste an ceart éileamh a chur ort oibriú ó aon láthair eile. Beidh ort cur fút laistigh de 50 ciliméadar ó do láthair oibre.

### **Eisiachas Seirbhíse agus Obair Lasmuigh**

Beidh ar an té a cheapfar a aird/haird iomlán agus a chumais/cumais iomlána a chaitheamh lena dhualgais/dualgais le linn a chuid/cuid uaire oibre sa Choláiste agus gníomhú ar mhaithe le leasanna an Choláiste i gcónaí. Dá bhrí sin, an t-achar a bheidh an t-iarratasóir rathúil fostaithe ag an gColáiste ní féidir leis/léi, gan cead i scríbhinn roimh ré ón gColáiste, a bheith páirteach go gníomhach nó rannpáirteach in aon chineál slí, go díreach nó go hindíreach, in aon ghnó nó fiontar eile a bheadh i gcoimhlínt le leasanna an Choláiste nó a chuirfeadh isteach ar fheidhmíocht na ndualgas a bhfuil an duine sin fostaithe lena gcomhlíonadh.

Lasmuigh de na dualgais atá luaite thuas, léachtanna a thabhairt ó am go chéile in áiteanna eile, leabhair agus ábhair litríochta ocaídeacha a scríobh, ní thabharfaidh an té a cheapfar, le linn a théarma/téarma in oifig, faoi obair lasmuigh ar mhaithe le híocaíocht mura mbeidh cead faighte aige/aici ó Fhoireann Fheidhmiúcháin an Choláiste, tabhairt faoin gcineál sin oibre faoi réir théarmaí agus choinníollacha socraithe don fhiontar atá i gceist. Tá sé de dhualgas ar an té a cheapfar, i ngach cás, cead a iarraidh roimh ré i scríbhinn ó Fhoireann Fheidhmiúcháin CMgS. Is é dualgas an té an cheapfar freisin, i ngach cás, a chur in iúl don duine nó don chomhlacht go bhfuil an obair á dhéanamh dó go príobháideach agus nach féidir leis an gColáiste a bheith freagrach as an obair sin.

### **Uaireanta Tinrimh**

Táthar ag súil go mbeidh an té a cheapfar ar fáil do mhic léinn agus don fhoireann le linn ghnáthuaire an Choláiste, Luan go hAoine.

Tá dualgas ar bhaill foirne acadúla seoladh ríomhphoist a thabhairt do mhic léinn chun gur féidir leo teagmháil a dhéanamh leo. Is gá dóibh freisin uimhir ghutháin a thabhairt d'Údaráis an Choláiste trínar féidir teagmháil a dhéanamh leis/léi lasmuigh den seimeastar. Ní thabharfaidh Údaráis an Choláiste amach, áfach, uimhreacha teileafóin do mhic léinn riamh.

### **Tuarastal**

Tá na scálaí tuarastal don bpost seo ceadaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhréir le Polasaí an Rialtais maidir le luach saothair san Earnáil Phoiblí. D'fhéadfaí tuarastal bliantúil don phost a ardú nó a ísliú chun é a chur in oiriúint do Bhearta an Rialtais maidir le luach saothair san Earnáil Phoiblí. Ag teacht le gach brainse eile den Státseirbhís agus den tSeirbhís Phoiblí, ní cheadaítear margáil aonair a dhéanamh chun méadú tuarastail a bhaint amach.

Déanfar an ceapachán ar an scála tuarastail ag pointe atá ar aon dul le Beartas reatha Pá an Rialtais. Tosnóidh iontrálaithe nua sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí, mar atá sainnithe i gCiorclán 18/2010, ar an gcéad pointe den scála tuarastail.

Le héifeacht ón 1 Aibreán 2017, seo a leanas scála tuarastail bliantúil an Léachtóra Chúnta:

€42,826 go €74,739 (9 bpointe)

Le héifeacht ón 1 Aibreán 2017, seo a leanas scála tuarastail bliantúil an Léachtóra:

€51,158 go €79,147 (9 bpointe)

Bronntar incrimintí ar aon dul le comhaontuithe náisiúnta pá.

Íocfar tuarastal ar bhonn míosúil ar an dara lá oibre deiridh de gach mí ag baint úsáide as an tsaoráid *Paypath*, rud a chiallaíonn nach féidir tuarastal a íoc ach amháin isteach i gcuntas bainc ainmnithe.

Tá íocaíocht turastail agus phá faoi réir asbhaintí reachtúla, i.e. Cáin Ioncaim (ÍMAT), Ranníocaíochtaí Aoisliúntais, Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC).

### **Aoisliúntas**

Beidh sé de dhualgas ar iontrálaithe nuacheapaithe a bheith rannpháirteach sa Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair agus ranníocaíochtaí aoisliúntais a íoc ag na rátaí cuí de réir fhorálacha An tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Bíonn gach comhalta incháilithe den fhoireann páirteach go huathoibríoch i Scéim Pinsean na gColáistí Oiliúna ar ghlacadh le ceapachán dóibh. I gcomhréir le Scéim Pinsean na gColáistí Oiliúna, baintear asbhaintí suas go 6.5% ón tuarastal. Is féidir mionsonraí a fháil ar rialacháin a bhaineann le Scéim Pinsin na gColáistí Oideachais a fháil ón Oifig um Acmhainní Daonna sa Choláiste.

Is é 70 bliain d'aois an aois scoir éigeantach do bhaill foirne nua iontrálaithe i bhfostaíocht sa tseirbhís phoiblí tar éis 1 Eanáir 2013. Is gá do gach ball foirne eile de chuid an Choláiste éirí as ag aois a 65.

Is féidir le baill foirne nach bhfuil incháilithe do bhallraíocht i Scéim Pinsean na gColáistí Oiliúna leas a bhaint as CCSP (Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta). Tá soláthróir ainmnithe CCSP ainmnithe ag an gColáiste agus ba cheart do bhaill foirne nach bhfuil incháilithe do bhallraíocht i Scéim Pinsean na gColáistí Oiliúna teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Airgeadais chun tuilleadh eolais a fháil faoi CCSP.

### **Saoire Bhliantiúil**

Anuas ar Laethanta Saoire Poiblí agus Laethanta Deonaithe an Choláiste ceadófar 20 lá oibre, ar a laghad, in aghaidh na bliana. Ba cheart saoire bhliantiúil a thógaint nuair nach bhfuil na mic léinn ar an gcampas agus ba cheart cead an Bhainisteoir Líne cuí a fháil roimhré.

Bronntar Laethanta Saoire Poiblí de réir fhorálacha an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997.

### **Saoire Bhreiteachta**

Is féidir le fostaithe le tréimhse fostaíochta leanúnach de thrí mhí ar a laghad sa Choláiste pá breiteachta a fháil faoi réir ag Scéim nua Saoire Breiteachta na Seirbhíse Poiblí. Braitheann pá breiteachta ar nósanna imeachta aisláithreachais an Choláiste a chomhlíonadh ó thús go deireadh.

## **Fostaíocht a Fhoirceannadh**

Tá fógra i scríbhinn trí mhí féilire ar a laghad de dhíth chun éirí as an bpost seo.

Ar fhostaíocht a fhoirceannadh ach sula n-imítear ón gColáiste, ní mor do dhaoine den fhoireann gach leabhar, turascáil, meamram, comhfhreagras, páipéar, taifead, tuairisc, comhad lena n-áirítear sonraí ar chomhaid leictreonacha, dioscaí ríomhaire, dioscaí a bheadh taifeadta go leictreonach agus aon doiciméid eile agus gach maoin eile lena n-áirítear eochracha oifige ar leis an gColáiste iad nó a bhaineann le gnó nó gnóthaí an choláiste atá i seilbh an duine den fhoireann nó faoina rialú nuair a dhéantar fostaíocht a fhoirceannadh a thabhairt ar ais.

## **Rúndacht**

Le linn do dhuine a bheith ag obair i gColáiste Mhuire gan Smál d'fhéadfadh go mbeidh teacht aige/aici ar, nó d'fhéadfadh go gcloisfí eolas faoi bhaill foirne agus/nó faoi mhic léinn de chuid Choláiste Mhuire gan Smál, agus/nó faoi fheidhmiú ghnó an Choláiste. Táthar den tuairim gur fhaisnéis faoi rún aon fhaisnéis a bhfaightear le linn do dhuine a bheith fostaithe sa Choláiste, le haon ghné de fhreagrachtaí no d'oibríochtaí an Choláiste san áireamh anseo. Níl cead aon chuid den eolas seo a roinnt ná a phlé ach amháin agus an duine a bheith i mbun a ngnáth-dhualgais, agus nach roinnfear an t-eolas seo le tríú páirtí ach amháin sa chás go bhfuil cead amhlaidh a dhéanamh. Tá sé de dhualgas ar dhuine gan taifid agus/nó comhaid a fhágáil ar bhealach ina mbeadh daoine neamhúdaraith in ann teacht orthu, agus is gá iad a stóráil go sábháilte i gcónaí.

## **Sláinte Agus Sábháilteacht**

Cinntoidh Coláiste Mhuire gan Smál timpeallacht oibre atá sábháilte agus sláintiúil, chomh fada agus atá indéanta le réasún. Dá bhrí sin, tá sé mar dhualgas ag gach fostaí cúram réasúnta a thógáil chun a sláinte agus a sábháilteachta féin agus sláinte agus sábháilteachta daoine eile sa láthair oibre a chosaint. Is gá do gach fostaí beartais agus nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta atá i bhfeidhm i gColáiste Mhuire gan Smál a chomhlíonadh agus iad féin a chur ar an eolas faoin Ráiteas Sábháilteachta.

Tá sé de dhualgas ar fhostaithe an Trealamh Cosanta Pearsanta a tugadh dóibh a chaitheamh agus ní chuirfidh aon duine, d'aon ghnó no trí thimpiste, isteach ar nó mí-úsáid a bhaint as aon uirlis, éadaí cosanta nó aon trealamh eile a chuirtear ar fáil sa láthair oibre ar mhaithe le cúiseanna sláinte agus sábháilteachta. Tá dualgas reachtaíochta ar fhostaithe a chinntiú go dtugtar tuairisc gan mhoill ar Fhoirm Thuairisce ar Thimpiste/ar Tharlúint don Oifigeach Sláinte faoi aon thimpist/eachtra a d'fhéadfadh tarlú.

Beidh ar an té a cheaptar don bpost seo páirt iomlán a ghlacadh in aon obair a bhaineann le hoiliúint sláinte agus sábháilteachta mar a éilíonn an Coláiste.

## **Beartais, Rialacha agus Rialacháin an Choláiste**

Is fostóir Earnála Poiblí é an Coláiste agus é faoi réir ag Comhaontuithe Náisiúnta, mar atá aontaithe ag na Comhpháirtithe Sóisialta Náisiúnta. Tá sé ceangailte chomh maith ag rialacháin, ag ciorcláin agus ag teoracha eisithe ar son an Rialtais ag Roinn an Airgeadais, ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag an Údarás um ArdOideachais.

Tá fostaithe i gcónaí faoi réir forálacha bheartais éagsúla an Choláiste, agus rialacha agus rialacháin an Choláiste. Tá na beartais seo a leanas san áireamh ach d'fhéadfadh cinn eile a bheith i gceist freisin: Nósanna Imeachta maidir le Gearáin agus Araíonacht, Dínit san Ionad Oibre, Rialacha agus Rialacháin Scrúduithe, Beartas maidir le Ríomhaireacht Fhreagrach agus Úsáid Áiseanna Teicneolaíochta Faisnéise. Tá na beartais seo leagtha amach sa Lámhleabhar Foirne d'fhostaithe an

Choláiste. Moltar do gach fhostaí iad féin a chur ar an eolas faoi ábhair an Lámhleabhair, atá ar fáil ar leathanach gréasáin Acmhainní Daonna ar láithreán gréasáin an Choláiste.

## **5. PRÓISEAS IARRATAIS**

### **Modh Roghnúcháin**

Cuirfear iarrthóirí ar ghearrliosta a bheidh bunaithe ar cháilíochtaí, ar oiriúntacht agus ar tháithí oibre ábhartha an iarrthóra mar atá luaite san iarratas. Tá sé de fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfuil na sonraí ábhartha ar fad luaite ina gcuid iarratais agus go léirítear go cruinn conas mar a chomhlíonfaidh siad critéir sainithe an iarrthóra.

Is é An Bord Agallamh a mholfaidh iarrthóir do cheapachán. Beidh an ceapachán bunaithe ar an moladh seo, ach amháin sa chás go gcuireann cúrsaí sláinte nó taifead fostaíochta mí-oiriúnach bac ar an gceapachán. Cruthófar painéal óna líonfar gach ceapachán buan agus gach ceapachán ar chonradh le téarma seasta don bpost mar Léachtóir/Léachtóir san Oideachas le saineolas sa Ghaeilge le linn saolré an phainéil (12 mhí).

Sa chás nach bhfuil aon mholadh ag an mBord Agallaimh don gceapachán buan, coimeádann an Coláiste an ceart iarrthóir oiriúnach, aitheanta tríd an gcóras roghnúcháin, a cheapadh don bpost ar bhonn téarma seasta.

Beidh ar iarrthóirí fianaise dhoiciméadach a sholáthar faoin dtaithí agus faoin oiliúint a luann ina gcuid iarratais, más gá.

### **Scrúdú Dochtúra**

Ar mhaithe le riachtanais maidir le sláinte a shásamh, d'fhéadfar go n-iarrfar ar iarrthóirí ráthúla, roimh cheapachán dóibh, páirt a ghlacadh i scagthástáil sláinte réamhfhostaíochta.

### **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána**

Beidh ar gach iarrthóir ráthúil páirt a ghlacadh i ngrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Tabharfar sainthreoir maidir leis an bpróiseas seo ag an am cuí. Ní chuirfear iarrthóirí nach gcomhlíonann riachtanais an Choláiste maidir leis seo san áireamh do cheapachán.

### **Iarratais a chur isteach**

Is féidir foirmeacha iarratais don bpost seo a íoslódáil ó láithreán gréasáin Choláiste Mhuire gan Smál. Is gá cúig chóip den bhfoirm iarratais a chur isteach mar aon le litir mhínithe. **Ní** ghlactar le hiarratais trí ríomhphost.

Is gá iarratais a chur isteach i bhformaid chlóschríofa in éineacht le litir mhínithe. Ní ghlactar le hiarratais atá lámhscríofa. **Ní** ghlactar, ach oiread, le foirmeacha nach bhfuil líonta isteach ina iomláine, ní ghlactar le hiarratais muna bhfuil an líon cheart de chóipeanna ann.

Is gá iarratais a chur isteach go dtí An Oifig um Acmhainní Daonna, An Cuarbhóthar Theas, Luimneach roimh

**2.00i.n., Dé hAoine, 17 Samhain 2017**

**Ní** ghlactar le hiarratais atá déanach.

Ní bheidh an Coláiste freagrach as aon chostaisí, costaisí taistil san áireamh, a bheidh ar iarrthóirí maidir lena n-iarrthóireacht.

Sa chás go ndéanann aon iarrthóir, iad féin nó trí dhuine ar bith eile, stocaireacht ar mhaithe le tionchar a imirt ar thoradh an phróisis roghnúcháin ina f(h)ábhar féin, déanfar iad a dhícháiliú láithreach ón gcomórtas. Tabharfar neamhaird ar aon ionadaíocht a déanfar ar son iarrthóra, le cead nó gan cead an iarrthóra.

Is fostóir comhionannas deiseanna é Coláiste Mhuire gan Smál.

*Deireadh Fómhair 2017*